Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14809/21**

**ENFOPOL 502**
**JAI 1389**
**COSI 246**
**CATS 78**
**CRIMORG 160**
**MIGR 275**
**FRONT 433**
**ASIM 101**
**COPEN 447**
**CFSP/PESC 1221**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Nollaig 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13998/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Europol support to fight migrant smuggling: a valued partner, but insufficient use of data sources and result measurement* [Tacaíocht Europol chun smuigleáil imirceach a chomhrac: comhpháirtí luachmhar, ach níor baineadh úsáid leordhóthanach as foinsí sonraí agus tomhas torthaí]<br>– *Conclúidí ón gComhairle* (9 Nollaig 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Europol support to fight migrant smuggling: a valued partner, but insufficient use of data sources and result measurement* [Tacaíocht Europol chun smuigleáil imirceach a chomhrac: comhpháirtí luachmhar, ach níor baineadh úsáid leordhóthanach as foinsí sonraí agus tomhas torthaí], a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 3837ú cruinniú a bhí aici an 9 Nollaig 2021.

**IARSCRÍBHINN**

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Tacaíocht Europol chun smuigleáil imirceach a chomhrac: comhpháirtí luachmhar, ach níor baineadh úsáid leordhóthanach as foinsí sonraí agus tomhas torthaí'

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. Dearbhaíonn sí gur DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Tacaíocht Europol chun smuigleáil imirceach a chomhrac: comhpháirtí luachmhar, ach níor baineadh úsáid leordhóthanach as foinsí sonraí agus tomhas torthaí';

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE fócas tábhachtach na Tuarascála Speisialta maidir le tacaíocht Europol chun smuigleáil imirceach a chomhrac;

3. AITHNÍONN SÍ na conclúidí agus na moltaí go léir atá sa Tuarascáil Speisialta, go háirithe gur mór ag comhpháirtithe Europol a thacaíocht straitéiseach agus oibríochtúil, cé gur cheart do Europol faireachán ar thorthaí a fheabhsú leis na Ballstáit agus le comhpháirtithe ábhartha nach de chuid an Aontais iad;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go sainaithnítear sa Tuarascáil Speisialta trí phríomh-shaincheist a dhéanann difear d'iomláine na faisnéise a fhaigheann Europol:

   – leibhéil éagsúla gníomhaíochta ó Bhallstát go Ballstát maidir le cur le bunachair sonraí Europol,

   – fadhbanna a bhaineann le caibidlíocht dhéthaobhach a sheoladh agus a stiúradh chun comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích le tíortha tosaíochta nach tíortha den Aontas Eorpach iad, agus

   – neamhábaltacht Europol faisnéis a bhailiú agus a anailísiú go díreach ó pháirtithe príobháideacha;

5. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé do Europol a bheith in ann faisnéis ábhartha a mhalartú le tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún dlús a chur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh aige maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidil le tíortha tosaíochta nach tíortha den Aontas Eorpach iad, AGUS IS DÍOL SÁSAIMH DI rún na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa feabhas a chur, le hathmhúnlú Rialachán Europol, ar chumas Europol i ndáil le malartú struchtúrach faisnéise le tríú tíortha, agus aird chuí á tabhairt ar ról domhanda INTERPOL;

6. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT freisin gur gá cur le cumas Europol sonraí pearsanta a fháil agus a phróiseáil ó pháirtithe príobháideacha, amhail soláthraithe seirbhíse ar líne, a d’fhéadfaí a bhaint amach leis an athmhúnlú ar Rialachán Europol arna mholadh ag an gCoimisiún, mar aon le deiseanna breise comhair le tríú tíortha; CUIREANN SÍ I dTREIS, áfach, gur gá cur isteach a sheachaint ar oibleagáidí tuairiscithe na n-eintiteas príobháideach dá bhforáiltear cheana faoi chuimsiú an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin nach mbaineann Europol úsáid leordhóthanach as foinsí sonraí seachtracha faoi láthair, ós rud é go bhfuil Córas Faisnéise Schengen (SIS) á úsáid go gníomhach aige, ach go bhfuil bunachair sonraí Interpol, an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) agus EURODAC á n-úsáid níos annaimhe, mar gheall go príomha ar shaincheisteanna teicniúla agus dlíthiúla, arb é an réiteach orthu go bhféadfaí na bunachair sonraí sin go léir a chuardach go comhuaineach, mar a fhoráiltear sa Rialachán maidir le hIdir-inoibritheacht (2019/818);

8. MEABHRAÍTEAR DI gur ghlac an Chomhairle conclúidí i mí na Bealtaine 2021 lena leagtar amach tosaíochtaí 2022-2025 an Aontais chun an choireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac tríd an Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gcoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), agus gurb é comhrac na smuigléireachta imirceach ceann de na tosaíochtaí sin, go háirithe maidir le líonraí coiriúla a sholáthraíonn seirbhísí éascaíochta feadh na bpríomhbhealaí imirce a chomhrac;

9. MEABHRAÍTEAR DI an Dearbhú Comhpháirteach ó Airí Gnóthaí Baile an Aontais maidir le Todhchaí Europol an 21 Deireadh Fómhair 2020, ar dá réir a oibreoidh Europol i gcomhar le gníomhaithe seanbhunaithe eile san ailtireacht Eorpach agus dhomhanda slándála atá bunaithe ar chúraimí a roinnt, Á CHOIMEÁD I gCUIMHNE DI a lárnaí atá suíomh na Gníomhaireachta sa Háig, agus Á CHUR I dTREIS DI gurb iad croíchúraimí na comhroinnte faisnéise, na hanailíse agus na tacaíochta oibríochtúla an breisluach is mó a bhaineann le Europol;

10. MEABHRAÍTEAR DI gur ghlac an Coimisiún an 29 Meán Fómhair 2021 plean gníomhaíochta athnuaite an Aontais in aghaidh smuigléireacht imirceach (2021-2025), lena rannchuidítear le cur chun feidhme an Chomhshocraithe Nua maidir le hImirce agus Tearmann trí dhíriú ar bhás daoine a chosc, imirce neamhrialta a laghdú agus bainistiú ordúil imirce a éascú, le comhar feabhsaithe le tíortha comhpháirtíochta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta;

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na freagraí ó Europol a ghabhann leis an Tuarascáil Speisialta agus go nglacann Europol le moltaí uile na Tuarascála Speisialta;

12. CUIREANN SÍ I dTREIS an tacaíocht thábhachtach a chuireann an Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach ar fáil do Bhallstáit an Aontais agus tríú tíortha comhpháirtíochta chun díriú ar na líonraí coiriúla casta sofaisticiúla a bhfuil baint acu le smuigléireacht imirceach agus chun iad a chur ó rath agus AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- feabhas a chur ar an rochtain atá ag an Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach ar gach foinse ábhartha faisnéise;

- feabhas a chur ar an malartú sonraí idir Europol agus a chomhpháirtithe uile, go háirithe Frontex, trí na huirlisí agus na prótacail TF riachtanacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme;

- feabhas a chur ar an bhfaireachán agus ar an tuairisciú a dhéantar ar fheidhmíocht ghníomhaíochtaí an Lárionaid Eorpaigh in aghaidh Smuigleáil Imirceach; agus

- cur le trédhearcacht agus cuntasacht an phróisis tosaíochta cásanna.

13. IARRANN SÍ ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an Chomhairle a choinneáil ar an eolas faoi thuarascálacha iniúchóireachta amach anseo maidir leis an tsaincheist chéanna.